C/2026/2641

13.5.2026

Fógra ón Gcoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Rialachán maidir le Cistí Margaidh Airgid

(C/2026/2641)

D'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach an doiciméad ceisteanna coitianta seo maidir le cistí margaidh airgid (CMAnna), mar ghníomhaíocht leantach ar an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le CMAnna, a foilsíodh an 20 Iúil 2023 (Tuarascáil CMA 2023). Gabhann sé le Tuarascáil leantach 2026 ón gCoimisiún Eorpach maidir le CMAnna (Tuarascáil 2026 maidir le CMAnna) ([1]).

Thángthas ar an gconclúid i dTuarascáil 2023 CMA gur éirigh leis an Rialachán CMA sa tástáil struis leachtachta a bhí ar CMAnna le linn shuaitheadh an mhargaidh a bhain le COVID-19 i mí an Mhárta 2020, agus na méaduithe ar an ráta úis á gcur i bhfeidhm thart ar an tréimhse sin agus athphraghsáil na sócmhainní airgeadais gaolmhara. Níor ghá d'aon CMA a bhí bunaithe san Aontas táillí nó geataí fuascailte a thabhairt isteach ná fuascailtí a chur ar fionraí le linn na dteagmhas struis sin. Ar an gcaoi chéanna, sheas CMAnna an Aontais a bhí dírithe ar shócmhainní GBP an brú fuascailte a bhain leis an strus i margadh na mbannaí ceannasacha i mí Mheán Fómhair 2022. Léiríonn an taithí sin go bhfuil na coimircí sa Rialachán CMA ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. Mar sin féin, **sainaithníodh roinnt easnamh i dTuarascáil 2023 ar CMAnna agus tugadh dá aire gur cheart measúnú breise a dhéanamh orthu.**

Baineann CMAnna san Aontas tairbhe freisin as an athbhreithniú le deireanas ar an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD) agus ar an Treoir maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (UCITS) ([2]) inar leagadh síos rialacha comhchuibhithe chun infhaighteacht na n-uirlisí bainistithe leachtachta (LMTanna) a mhéadú le haghaidh cistí frithpháirteacha. Leis an gcreat LMT nua neartaítear a thuilleadh bainistiú leachtachta CMAnna san Aontas Eorpach agus méadaítear a n-athléimneacht in amanna struis.

Ar deireadh, cuirtear san áireamh san fhógra seo torthaí an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais a thug dá aire ina 'Tuarascáil Deiridh maidir le hathléimneacht CMA' i mí Dheireadh Fómhair 2021, go bhféadfadh sé gur spreag rialacha CMA i ndlínsí áirithe fuascailtí réamhghabhálacha infheisteoirí, de réir mar a d'fhéach infheisteoirí le forchur féideartha LMTanna a sheachaint i gcás inar sáraíodh tairseacha rialála áirithe. Tá roinnt fianaise ann go bhféadfadh sé gur tharla sé sin le linn an struis 'an ruathar ar airgead tirim' i mí an Mhárta 2020.

I bhfianaise an mhéid thuas, agus le tacaíocht ó anailís sonraí, measann an Coimisiún Eorpach gur gá aghaidh a thabhairt ar an léirmhíniú ar ghnéithe áirithe den Rialachán CMA chun deimhneacht níos fearr a thabhairt do phobal CMA an Aontais.

Leis an bhfógra seo, tacaíonn an Coimisiún Eorpach le cur chuige comhchuibhithe maidir le maoirseacht a dhéanamh ar CMAnna san Aontas agus iarrann sé an méid sin, chomh maith le faisnéis iomchuí a chomhroinnt i measc na n-údarás inniúil náisiúnta, go háirithe i gcás ina dtagann rioscaí chun cinn a d'fhéadfadh an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol.

(1) Cad iad na príomhfhorálacha maidir le comhdhéanamh punainne nach mór do bhainisteoirí sócmhainní CMAnna a chomhlíonadh?

In Airteagail 24, 25 agus 34 de Rialachán CMA, leagtar síos ceanglais phunainne nach mór do CMAnna a chur san áireamh chun a leachtacht agus a gcobhsaíocht a áirithiú. Sna forálacha sin, sonraítearcomhdhéanamh punainne CMAnna, i leith sócmhainní a aibíonn go laethúil agus go seachtainiúil agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais, le híostairseacha le haghaidh gach cineáil CMA (CMAnna lena mbaineann fiach poiblí ar seasmhach glanluach a sócmhainní (CNAV), glanluach sócmhainní íseal-luaineachta (LVNAV) agus glanluach sócmhainní athraitheach (VNAV)).

Leagtar amach in Airteagal 28 den Rialachán CMA creat le haghaidh tástáil struis CMA chun a léiriú go bhfuil leachtacht agus cáilíocht sócmhainní CMA láidir go leor chun leochaileachtaí a sheasamh.

([1]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le leordhóthanacht Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cistí margaidh airgid ó thaobh na stuamachta agus na heacnamaíochta de (COM(2026) 350).

([2]) Treoir (AE) 2024/927 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Treoracha 2011/61/AE agus 2009/65/CE a mhéid a bhaineann le socruithe tarmligin, bainistiú riosca leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha (IO L, 2024/927, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/927/oj)

(2) **Má chuimsítear i bpunann CMA céatadáin bheachta na gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais, agus na sócmhainní a aibíonn go laethúil agus go seachtainiúil, mar a leagtar amach sa Rialachán CMA, an leor é sin i gcónaí chun na rialacha punainne ábhartha faoin Rialachán CMA a chomhlíonadh?**

Ní leor. Le hAirteagail 24, 25 agus 34, in éineacht le hAirteagal 28 de Rialachán CMA, leagtar síos gur íoscheanglais iad na céatadáin de chomhdhéanamh punainne a leagtar amach. Cé gur gá na tairseacha a leagtar amach in Airteagail 24, 25 agus 34 a chomhlíonadh, ba cheart iad a thuiscint mar thairseacha íosta. Leagtar amach oibleagáidí eile sa Rialachán CMA freisin, oibleagáidí a bhféadfadh ceanglais níos airde a bheith mar thoradh orthu, ag brath ar imthosca CMA. I gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Rialachán CMAnna, ní mór CMAnna a bheith láidir i dtéarmaí leachtacht agus cháilíocht na sócmhainní arna sealbhú. Ní mór iad sin a bheith leordhóthanach chun leochaileachtaí a sheasamh, go háirithe le linn tréimhsí struis. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach go rachadh comhdhéanamh punainne CMA os cionn na gcéatadán rialála, ag féachaint go háirithe do na ceanglais maidir le 'bíodh aithne agat ar do chustaiméir', faoi Airteagal 27, agus do thorthaí thástálacha struis CMA, faoi Airteagal 28 den Rialachán CMA.

I ndáil leis sin, i dTuarascáil 2026 ar CMAnna, shainaithin an Coimisiún Eorpach leibhéil athléimneachta bunaithe ar shócmhainní leachtacha seachtainiúla ar féidir leo fónamh mar uirlisí maoirseachta agus bainistithe riosca chun comhlíonadh an Rialacháin CMA a áirithiú. Faoi bhun na leibhéal athléimneachta sin, chun athléimneacht ar fud an mhargaidh ('leibhéil athléimneachta margaidh') a áirithiú, ba cheart d'fhoirne bainistithe riosca CMAnna agus dá mbainisteoirí a ngrinnscrúdú a threisiú, agus ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta a leibhéal grinnscrúdaithe agus rannpháirtíochta maoirseachta a mhéadú.

(3) **An gá do bhainisteoir CMA de chineál CNAV nó de chineál LVNAV LMTanna a ghníomhachtú a luaithe a thiteann leibhéal na sócmhainní leachtacha faoi bhun na dteorainneacha a leagtar amach in Airteagail 24, 25 agus 34 de Rialachán CMA?**

Ní gá. Is é is aidhm do mhaoláin leachtachta íosta a shocrú a áirithiú gur féidir le CMAnna aghaidh a thabhairt ar fhuascailtí agus cosc a chur ar leachtú sócmhainní CMA ar phraghsanna a bhfuil mórlascaine déanta orthu, rud a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn dálaí anáis sa mhargadh.

Ceanglaítear ar bhainisteoirí CMAnna de chineál CNAV agus de chineál LVNAV Airteagal 24(2) den Rialachán CMA a chomhlíonadh aon uair nach gcomhlíontar na ceanglais phunainne ábhartha a thuilleadh (mar shampla, i gcás ina mbíonn níos lú ná 30 % de shócmhainní a aibíonn go seachtainiúil i sócmhainní CMAnna de chineál CNAV nó de chineál LVNAV).

Tá forálacha comhchosúla inAirteagal 25(2) de Rialachán CMA, i gcás ina sáraíonn CMA 'caighdeánach' VNAV na ceanglais phunainne a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán CMA.

Ar deireadh, tá forálacha sonracha maidir le CMAnna de chineál CNAV agus LVNAV in Airteagal 34(1)(a) den Rialachán CMAnna.

Foráiltear agus beartaítear sna hAirteagail sin go bhféadfaidh comhdhéanamh punainne CMAnna titim faoi bhun na dteorainneacha rialála, lena n-áirítear na híoscheanglais sócmhainní leachtacha, i ngeall ar chearta suibscríbhinne nó fuascailte a fheidhmiú, nó ar chúiseanna nach bhfuil neart ag bainisteoir CMA orthu. I ndáil leis an méid sin, ba cheart breathnú ar fhuascailtí méadaithe i ndálaí anáis sa mhargadh mar fhuascailtí nach bhfuil neart ag an mbainisteoir orthu agus é á thabhairt dá aire, áfach, gur annamh a thiocfaidh cúiseanna den sórt sin chun cinn.

Faoi na forálacha sin, i gcás nach bhfuil na ceanglais phunainne ábhartha á gcomhlíonadh a thuilleadh ag CMA, ba cheart do bhainisteoir CMA, thar ceann CMA, an cuspóir maidir leis an staid sin a cheartú, a ghlacadh mar thosaíocht, agus leasanna na n-infheisteoirí, mar a shonraítear sa Rialachán CMA, á gcur san áireamh an tráth céanna.

Maidir le CMAnna de chineál CNAV le haghaidh fiachas poiblí agus CMAnna de chineál LVNAV, tá sé de dhualgas ar an mbord measúnú doiciméadaithe a dhéanamh ar an gcás chun an ghníomhaíocht iomchuí a chinneadh, dá bhforáiltear in Airteagal 34(1)(a) den Rialachán CMA, agus ba cheart é sin a chomhlíonadh laistigh de thréimhse ama réasúnta de réir mar is gá le haghaidh measúnú den sórt sin. Go dtí go mbeidh an measúnú doiciméadaithe tugtha i gcrích, ní cheanglaítear ar bhainisteoirí CMAnna gearrthéarmacha aon bheart a dhéanamh i ndáil le rialacha punainne seachas na hoibleagáidí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 24(2) de Rialachán CMA a chomhlíonadh chun ceartú an cháis sin a ghlacadh mar chuspóir tosaíochta, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna a shealbhóirí aonad nó a scairshealbhóirí.

I gcomhréir le hAirteagal 34(1)(a) de Rialachán CMA, tar éis dó measúnú doiciméadaithe a dhéanamh ar an gcás, féadfaidh an bord rogha a dhéanamh idir na bearta malartacha a leagtar síos san fhoráil sin agus, dá bhrí sin, féadfaidh sé a chinneadh gan aon ghníomhaíocht a dhéanamh láithreach seachas an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 24(2) dá bhforáiltear in Airteagal 34(1)(a)(iv) den Rialachán MMF a chomhlíonadh.

Mar thoradh air sin, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 34(1)(a) de Rialachán CMA, féadfaidh CMAnna de chineál CNAV agus de chineál LVNAV a maoláin a úsáid chun críoch bainistithe leachtachta faoi dhálaí anáis sa mhargadh i gcás ina dtiteann siad go sealadach faoi bhun na dtairseach leachtachta gan gá le LMTanna a ghníomhachtú. Sna cásanna sin, táthar ag súil go dtabharfaidh bainisteoirí CMAnna CNAV agus LVNAV tosaíocht do ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh chun na maoláin a athbhunú. Ní mór na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama a chosnaíonn leasanna infheisteoirí. Ní dhéanann sé sin difear do na hoibleagáidí faisnéise agus meastóireachta faoi Airteagal 34(1)(a) agus (b) de Rialachán CMA. Níl feidhm aige sin, áfach, maidir le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 34(1)(a) de Rialachán CMA a bhaineann le cásanna ina dtiteann an cion de shócmhainní a aibíonn go seachtainiúil mar a leagtar amach i bpointe (e) d'Airteagal 24(1) faoi bhun 10 % dá shócmhainní iomlána.